Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge,
Rannóg Pleanála, Foirgneamh Menapia, An Meall, Port Láirge.

Teileafón : 0761 102020 **Facs : 0761 099701** **R.phost:planning@waterfordcouncil.ie**

An tAcht um Pleanáil & Forbairt 2000, Alt 42 nó Alt 42A arna chur isteach le hAlt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (LEASÚ) 2010.

IARRATAS AR FHAD A CHUR LE TRÉIMHSE CHEAD PLEANÁLA

1. Ainm an Iarratasóra(Iarratasóirí):

   _____

   Tugtar an seoladh i ndeireadh na foirme seo, faoi Cheist 17

   _____

2. Ainm an Ghníomhaire le haghaidh comhfhreagrais:_____

   Tugtar an seoladh i ndeireadh na foirme seo, faoi Cheist 18

   _____

3. Sonraigh cén leas dlíthiúil atá ag iarratasóir sa talamh lena mbaineann an t-iarratas seo.

   Úinéir /□ Léasaí (Más leas de chineál é, sonraigh, le do thoil)

   _____

4. Cur síos ar an gCead a bhfuiltear ag iarraidh fad a chur leis:

   _____

   _____

5.

   (a) Uimh. Thag. an Cheada: _____

   (b) Láthair, baile fearainn nó seoladh poist na talún, an struchtúir nó na forbartha

_____

   (c) An Cead nó Cead Bunaithe ar Chead Imlíne: _____

   (d) Dáta ar tugadh an Cead: _____

   (e) Dáta a rachaidh an Cead as feidhm: _____

ALT 42

Iarratas chun fad a chur le tréimhse Chead Pleanála <u>i gcás go bhfuil móroibreacha curtha i gcrích.</u>

Ní mór Ceisteanna 6-9 a fhreagairt

Téigh go ceist 10 más amhlaidh **nach ndearnadh** aon mhóroibreacha.

6. Sonraí na móroibreacha a cuireadh/a chuirfear i gcrích de bhun an Cheada roimh dheireadh a thréimhse:

_____

_____

(a) An dáta a thosaigh an obair: _____

(b) Cur síos ar an obair a rinneadh:

_____

_____

_____

7. An dáta ar a bhfuiltear ag súil an fhorbairt a bheith críochnaithe:

_____

8. Cén fad atáthar ag iarraidh a chur leis an gCead? _____

(**Uastréimhse 5 bliana**)

Cuir líníochtaí ar fáil a thaispeánann na seirbhísí poiblí agus na foirgnimh go léir atá tógtha. Déanta: ❑

Cuir líníocht faoi leith ar fáil a thaispeánann leagan amach pé oibreacha/foirgnimh nár tosaíodh fós.

Déanta: ❑

9. Cur síos ar imthosca nach raibh neart ag an té a bhí i mbun na forbartha orthu agus nárbh fhéidir an fhorbairt a chur i gcrích dá mbarr

_____

_____

ALT 42A

Iarratas ar fhad a chur le tréimhse Cead Pleanála i gcás <u>nach ndearnadh</u> oibreacha móroibreacha

10. An dáta ar a bhfuil sé beartaithe tosú ar an bhforbairt lena mbaineann an cead:

_____

11. Tabhair sonraí imthosca **<u>Tráchtála nó Eacnamaíocha</u>** nach raibh neart ag an té a bhí i mbun na forbartha orthu agus a chuir bac tromchúiseach ar an bhforbairt a thosú nó ar mhóroibreacha a chur i gcrích.

_____

_____

12. Tabhair sonraí pé athruithe suntasacha a rinneadh ar an bPlean Forbartha nó ar na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha don cheantar ón dáta a tugadh an Cead a d'fhágfadh nach mbeadh an fhorbairt ag teacht le pleanáil agus forbairt cheart an cheantair.

_____

_____

13. An amhlaidh a bheidh an fhorbairt ag teacht leis an dea-phleanáil agus le forbairt inbhuanaithe an cheantair de réir pé treoirlínte a eisíonn an tAire faoi bhun **Alt 28.**

_____

_____

14. I gcás nár tosaíodh ar an bhforbairt, deimhnigh gur cuireadh Measúnacht Tionchar Timpeallachta nó Measúnacht Oiriúnachta (nó an dá rud, i gcás gur gá é sin) i gcrích sular tugadh cead.

_____

_____

15. Sonraí i dtaobh imthosca **Teicniúla** nach raibh aon neart ag an té a bhí i mbun na forbartha orthu agus a chuir bac tromchúiseach ar an fhorbairt a thosú nó móroibreacha a chur i gcrích.

_____

_____

_____

<u>Ba chóir doiciméid ábhartha a sholáthar, más féidir, chun tacú leis an gcás.</u>

16. An bhfuil an táille €62.00 iniata? **Tá:**

Níl: □

Deimhním go bhfuil an t-eolas atá tugtha anseo cruinn ceart agus iarraim leis seo an cead pleanála a fhadú de bhun an Achta um Pleanáil & Forbairt 2000 (arna leasú).

SÍNIÚ AN IARRATASÓRA: _____

DÁTA: _____

Léigh na nóta leis seo sula ndéanann tú an fhoirm a chomhlánú.

Cuirtear an fhoirm iarratais seo agus an táille chuí faoi bhráid:

Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge,
An Rannóg Pleanála,
Foirgneamh Menapia,
An Meall,
PORT LÁIRGE.

Teileafón. **0761 102020**
Facs. **0761 099701**
Rphost planning@waterfordcouncil.ie

Tabhair chun d'aire an méid seo a leanas maidir le hiarratais i gcomhair tithe aonuaire neamhchríochnaithe nach bhfuil agus a bhfuil córas cóireála dramhuisce iontu:

Ní chuirfear fad le tréimhse i gcás go ndearnadh an Cead a mheasúnú roimh theacht i bhfeidhm Chód Cleachtais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ach amháin i gcás gur cuireadh **iarratas pleanála nua** faoi bhráid an Údaráis Phleanála **chun an dabhach séarachais/córas cóireála dramhuisce a uasghrádú** de réir Chód Cleachtais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus de réir pholasaithe Phlean Forbartha an Chontae agus gur thug an tÚdarás Pleanála an cead sin.

Nóta: ba chóir go mbeadh an t-iarratas pleanála chun an córas cóireála dramhuisce a uasghrádú curtha isteach sular cuireadh isteach an t-iarratas ar Fhad a Chur le Tréimhse Cead Pleanála, nó, ar a laghad ar bith, ar aon uain leis (sa tslí go mbeadh dóthain ama ag an Údarás Pleanála an t-iarratas ar chead chun an córas cóireála dramhuisce a mheas). Mura ndéantar an t-iarratas chun an córas cóireála dramhuisce a chur isteach in am tráthúil, is féidir go ndiúltófar d'iarratas ar Fhad a chur le Tréimhse Cead Pleanála.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar an ábhar thuas, téigh i dteagmháil leis an Rannóg Pleanála ar 0761 102020

Ná cuirtear Sonraí Teagmhála Breise leis an Iarratas

Tabhair chun d'aire:

- Ní mór seoladh an iarratasóra a thabhairt ar an leathanach seo.
- Más mian leis an iarratasóir/gníomhaire sonraí teagmhála breise a sholáthar, is anseo ba cheart é sin a dhéanamh.
- Ní fhoilseofar an leathanach seo sa chomhad pleanála.

17. Seoladh/sonraí teagmhála an iarratasóra (iarratasóirí)

Iarratasóir			
Seoladh			
Rphost		Teileafón	Facs

18. Seoladh an Ghníomhaire (Gníomhairí) (Má bhaineann le hábhar)

Gníomhaire			
Seoladh			
Rphost		Teileafón	Facs

Sonraigh, le do thoil, cén seoladh a úsáidfear i gcomhair comhfhreagrais (Cuir tic sa bhosca cuí)

Iarratasóir ☐ **Gníomhaire** ☐

19.An duine atá freagrach as líníochtaí agus pleananna a ullmhú:

Gníomhaire			
Seoladh			
Rphost		Teileafón	Facs

20. Úinéir (i gcás nach é an t-úinéir atá ag déanamh an iarratais)

Gníomhaire			
Seoladh			
Rphost		Teileafón	Facs

COMHAIRLE CATHRACH AGUS CONTAE PHORT LÁIRGE

NÓTAÍ AR IARRATAIS CHUN TRÉIMHSE CEAD PLEANÁLA A FHADÚ

(1) De réir na Rialachán um Pleanáil agus Forbairt 2001- 2010, is riachtanais iad na rudaí seo a leanas:-

(a) Ní ceadmhach iarratas ar Thréimhse Cead Pleanála a Fhadú faoi bhun Alt 42 ná Alt 42A faoi mar a cuireadh isteach le hAlt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (LEASÚ) 2010 a dhéanamh níos luaithe ná bliain amháin roimh dhul in éag don Chead sin.

ALT 42

(b) Ní dhéanfar iarratas ar Thréimhse Cead Pleanála a Fhadú a mheas ach amháin:
I gcás go gcloítear le riachtanais Alt 42 (féach thíos).

(2) Tá táille leagtha síos sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001–2010 i gcomhair iarratas ar Thréimhse Cead Pleanála a Fhadú. **TÁILLE €62-00 ATÁ LE hÍOC FAOI LÁTHAIR.**

(3) Ní foláir gach ceist ar an bhfoirm seo a fhreagairt agus an táille chuí a chur leis an bhfoirm chomhlánaithe.

Tabhair chun d'aire an méid seo a leanas maidir le hiarratais i gcomhair tithe aonuaire <u>neamhchríochnaithe</u> nach bhfuil agus a bhfuil córas cóireála dramhuisce iontu:

Ní chuirfear fad le tréimhse Cead ar bith a ndearnadh é a mheasúnú roimh theacht i bhfeidhm Chód Cleachtais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil <u>ach amháin</u> i gcás gur cuireadh **iarratas pleanála nua** faoi bhráid an Údaráis Phleanála **chun an dabhach séarachais/córas cóireála dramhuisce a uasghrádú** de réir Chód Cleachtais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus de réir pholasaithe Phlean Forbartha an Chontae agus gur thug an tÚdarás Pleanála an cead sin.

Nóta: ba chóir go mbeadh an t-iarratas pleanála chun an córas cóireála dramhuisce a uasghrádú curtha isteach <u>sular cuireadh</u> isteach an t-iarratas ar Fhad a Chur le Tréimhse Cead Pleanála, nó, ar a laghad ar bith, ar aon uain leis (sa tslí go mbeadh dóthain ama ag an Údarás Pleanála an t-iarratas ar chead chun an córas cóireála dramhuisce a mheas). Mura ndéantar an t-iarratas chun an córas cóireála dramhuisce a chur isteach in am tráthúil, is féidir go ndiúltófar d'iarratas ar Fhad a chur le Tréimhse Cead Pleanála.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar an ábhar thuas, téigh i dteagmháil leis an Rannóg Pleanála ar 0761 102020

N.B. Is mar threoir d'iarratasóirí a cuireadh na nótaí seo ar fáil. Níltear ag maíomh gur léirmhíniú dlíthiúil iad na hAchtanna agus ar na Rialacháin éagsúla atá faoi thrácht iontu.

****

ALT 28 DEN ACHT UM PLEANÁIL & FORBAIRT (LEASÚ) 2010

28.—Déantar an Príomh-Acht a leasú le cur isteach an ailt seo a leanas in áit alt 42:

42.—(1) Ar iarratas chuige, déanfaidh údarás pleanála, maidir le cead áirithe, an tréimhse chuí a fhadú ar feadh cibé tréimhse breise nach faide ná 5 bliana de réir mar a mheasfaidh an t-údarás is gá chun go bhféadfar an fhorbairt lena mbaineann an cead a chríochnú, má chomhlíontar gach ceann de na ceanglais seo a leanas:

(*a*) ceachtar acu—

(i) gur deimhin leis an údarás i ndáil leis an gcead—

(I) gur thosaigh an fhorbairt lena mbaineann an cead roimh dheireadh na tréimhse cuí a bheifear ag iarraidh a fhadú,

(II) go ndearnadh mór-oibreacha de bhun an cheada le linn na tréimhse sin, agus

(III) go gcríochnófar an fhorbairt laistigh d'achar réasúnach ama;

nó

(ii) gur deimhin leis an údarás —

(I) go raibh imthosca tráchtála, eacnamaíocha nó teicniúla ann nach raibh neart ag an iarratasóir orthu agus a chuir bac tromchúiseach ar an bhforbairt a thosú nó ar móroibreacha a bhaineann leis an gcead pleanála a chur i gcrích,

(II) nach raibh aon mhórathrú ar na spriocanna pleanála sa phlean forbartha nó sna spriocanna pleanála réigiúnacha de réir na dtreoirlínte pleanála réigiúnacha i gceantar an údaráis phleanála ón dáta a tugadh an cead agus nach mbeadh an fhorbairt ag teacht níos mó le pleanáil chuí agus le forbairt inbhuanaithe an cheantair,

(III) nach mbeadh an fhorbairt míréireach le pleanáil chuí agus le forbairt inbhuanaithe an cheantair de réir pé treoirlínte a eisíonn an tAire faoi bhun Alt 28, d'ainneoin gur eisíodh iad tar éis an dáta a tugadh an cead lena mbaineann an t-iarratas atá á dhéanamh faoi bhun an ailt seo, agus

(IV) i gcás nár tosaíodh ar an bhforbairt fós, gur cuireadh measúnacht tionchar comhshaoil, nó measúnacht oiriúnacht, nó an dá chineál measúnachta más gá, i gcrích sular tugadh an cead.

(*b*) go bhfuil an t-iarratas ag teacht le pé rialacháin a bhaineann leis faoi bhun an Achta seo,

(*c*) go gcomhlíontar, i dtaca leis an iarratas, aon cheanglas a dhéantar faoi bhun na rialachán sin agus

(*d*) go ndéantar an t-iarratas roimh dheireadh na tréimhse cuí.

(2) Le linn dó an tréimhse iomchuí a fhadú faoi bhun fho-alt (1) is féidir go leagfaidh an t-údarás pleanála coinníollacha síos chun a cheangal go dtabharfar urrús leordhóthanach go gcríochnófar go sásúil an fhorbairt bheartaithe, agus/nó coinníollacha nua a leagan síos nó athrú a dhéanamh ar choinníollacha a bhfuil an cead faoina réir cheana faoi bhun alt 34(4)(*g*).

(3) (*a*) I gcás go gcuirtear iarratas mar is cuí faoi bhun an ailt seo faoi bhráid údarás pleanála agus go gcomhlíontar pé ceanglais a bheadh sna rialacháin a dhéantar faoi bhun Alt 43 i dtaca leis an iarratas, déanfaidh an t-údarás pleanála a chinneadh i dtaobh an iarratais chomh luathlámhach agus is féidir.

(*b*) Gan dochar do ghinearáltacht an ailt (*a*), beidh sé de sprioc ag an údarás pleanála a dheimhniú go bhfógróidh sé a chinneadh i dtaobh iarratais a dhéantar faoi bhun an ailt seo laistigh den tréimhse 8 seachtaine a thosaíonn –

(i) ar an lá a fhaigheann an t-údarás pleanála an t-iarratas, i gcás go gcomhlíontar na ceanglais go léir atá luaite i mír (*a*) agus

(ii) i gcás ar bith eile, ar an lá a chomhlíontar gach ceann de na ceanglais sin.

(4) Ní dhéanfar ach cinneadh amháin chun fad iomchuí a chur le tréimhse cead pleanála agus ní dhéanfaidh an t-údarás pleanála aon fhadú breise ar an tréimhse iomchuí sin.

(5) Déanfar sonraí aon iarratais a chuirtear faoi bhráid údarás pleanála faoi bhun an ailt seo, agus cinneadh an údaráis phleanála i dtaobh an iarratais sin, a thaifeadadh san iontráil chuí sa chlár.

(6) I gcás go ndéantar cinneadh chun tréimhse a fhadú faoi bhun an ailt seo, déanfar, i ndáil leis an gcead lena mbaineann an cinneadh, Alt 40 a fhorléiriú, agus beidh éifeacht leis, faoi réir agus de réir théarmaí an chinnidh.

(7) D'ainneoin fho-alt (1) nó (4), i gcás go ndéanann údarás pleanála cinneadh chun tréimhse iomchuí a fhadú sula dtagann an t-alt seo i bhfeidhm, is ceadmhach don údarás pleanála an tréimhse iomchuí a fhadú, i gcás go gcuirtear iarratas faoina bhráid roimh dhul in éag don tréimhse a cuireadh leis an tréimhse iomchuí, fad is a chomhlíontar gach ceann de na ceanglais seo a leanas —

(i) go mbeidh iarratas chuige sin déanta chuige de réir na rialachán faoi *alt 43*;

(ii) go mbeidh aon cheanglais de chuid na rialachán, nó aon cheanglais arna ndéanamh fúthu, comhlíonta maidir leis an iarratas; agus

(iii) gur deimhin leis an údarás nár críochnaíodh an fhorbairt iomchuí de bharr imthosca nach raibh neart ag an duine a bhí ag déanamh na forbartha orthu.".